2026/2284

15.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2284 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Deireadh Fómhair 2026

lena socraítear an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit tús a chur le foláirimh faisnéise maidir le náisiúnaigh tríú tír a iontráil, a nuashonrú agus a scriosadh chun leas an Aontais i gCóras Faisnéise Schengen de bhun Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 79(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialacháin (AE) 2018/1860 ([2]), (AE) 2018/1861 ([3]) agus (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leagtar síos na rialacha maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid.

(2) Le Rialachán (AE) 2022/1190 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), tugadh isteach rialacha i gCóras Faisnéise Schengen maidir le foláirimh faisnéise faoi náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar a gcumas do na mBallstát, ar thogra ó Europol, ar bhonn faisnéis arna soláthar ag tríú tíortha agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, foláirimh den sórt sin a iontráil in SIS chun an fhaisnéis sin faoi dhaoine a bhfuil baint acu leis an gcoireacht thromchúiseach nó leis an sceimhlitheoireacht a chur, go díreach agus i bhfíor-am, chuig oifigigh thúslíne sna Ballstáit.

(3) Ó tháinig Rialachán (AE) 2022/1190 i bhfeidhm, tá na socruithe teicniúla agus dlíthiúla is gá á gcur i gcrích ag an gCoimisiún, ag na Ballstáit, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) agus ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) chun na rialacha nua a chur chun feidhme ionas gur féidir foláirimh faisnéise maidir le náisiúnaigh tríú tír a iontráil in SIS chun leas an Aontais agus chun na nuashonruithe is gá a dhéanamh chun faisnéis fhorlíontach a mhalartú.

(4) Tá sé fíoraithe ag an gCoimisiún gur glacadh na gníomhartha cur chun feidhme is gá chun an foláireamh faisnéise a oibriú; gur dhearbhaigh eu-LISA críochnú rathúil na ngníomhaíochtaí tástála go léir maidir le CS-SIS agus maidir leis an idirghníomhaíocht idir SIS Láir (CS-SIS) agus na córais náisiúnta (N.SIS); gur thug na Ballstáit agus Europol fógra don Choimisiún go bhfuil na socruithe nós imeachta agus teicniúla riachtanacha déanta acu chun sonraí SIS a phróiseáil agus chun faisnéis fhorlíontach a mhalartú de bhun Rialachán (AE) 2018/1862 arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1190.

([1]) IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1860/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1861/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2022/1190 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 a mhéid a bhaineann le foláirimh faisnéise a iontráil i gCóras Faisnéise Schengen (CFS) maidir le náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais (IO L 185, 12.7.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1190/oj).

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an dáta a shocrú óna bhféadfaidh na Ballstáit tús a chur le foláirimh faisnéise maidir le náisiúnaigh tríú tír a iontráil, a nuashonrú agus a scriosadh chun leas an Aontais in SIS i gcomhréir le hAirteagal 37a de Rialachán (AE) 2018/1862.

(6) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2022/1190 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialacháin (AE) 2018/1862 agus (AE) 2022/1190 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal uirthi.

(7) Tá Éire rannpháirteach sa Chinneadh seo sa mhéid go mbaineann sé le Rialachán (AE) 2018/1862 i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([5]), arna léamh i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1745 ón gComhairle ([6]).

(8) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas na Stát sin le *acquis* ([7]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (G), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([8]).

(9) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([9]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe G, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle ([10]).

(10) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([11]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (G), de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/349/AE ón gComhairle ([12]).

([5]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1745 ón gComhairle an 18 Samhain 2020 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha *acquis* Schengen maidir le cosaint sonraí agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach fhorálacha áirithe *acquis* Schengen in Éirinn (IO L 393, 23.11.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1745/oj).

([7]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj.

([8]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj)).

([9]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2008/178(1)/oj.

([10]) Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/149/oj).

([11]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([12]) Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/349/oj).

(11) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(12) Ós rud é go gcinnfidh an Coimisiún an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit tús a chur le foláireamh faisnéise maidir le náisiúnaigh tríú tír a iontráil, a nuashonrú agus a scriosadh chun leas an Aontais, níl aon ghá le haon idirthréimhse ama idir dáta foilsithe agus dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Féadfar foláirimh faisnéise maidir le náisiúnaigh tríú tír chun leas an Aontais a iontráil, a nuashonrú agus a scriosadh i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) de bhun Rialachán (AE) 2018/1862 ón 15 Deireadh Fómhair 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN